CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1054 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh I gComhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa, a mhéid a bhaineann le caighdeáin trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige agus an modh anailíse chun an cion de stiogmastaidhé-éin in olaí plandúla a chinneadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ("an Comhaontú") thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle ([1]) an 18 Samhain 2016 ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de.

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích an 17 Bealtaine 2019 thar ceann an Aontais le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle ([2]).

(3) De bhun Airteagal 7(1) den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa ("Comhairle na gComhaltaí") chun cinntí a ghlacadh lena leasaítear caighdeáin trádála a bhaineann le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige.

(4) Le linn an 113ú seisiún de chuid Chomhairle na gComhaltaí ón 28 go dtí an 30 Meitheamh 2021, tá sí chun cinntí a ghlacadh lena leasaítear caighdeáin trádála a bhaineann le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige ("na cinntí leasaitheacha").

(5) Is iomchuí go leagfaí síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leis na cinntí leasaitheacha atá le glacadh ina gceangal ar an Aontas a mhéid a bhaineann leis an trádáil idirnáisiúnta le comhaltaí eile na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa (IOC) agus féadfaidh tionchar cinntitheach a bheith ag na cinntí sin ar a bhfuil i ndlí an Aontais, is é sin caighdeáin mhargaíochta maidir le hola olóige arna nglacadh leo ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(6) Baineann na cinntí leasaitheacha atá le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí leis na teorainneacha le cuid de na paraiméadair cheimiceacha le haghaidh olaí olóige agus olaí prabhaite olóige a athrú agus le modh anailíse amháin a mhodhnú. Is éard atá i gceist le hathruithe ar na teorainneacha tagairt do shocrú Dea-Chleachtais Mhonaraíochta a chur in ionad na teorann le α-tócaifearól in olaí scagtha, an teorainn le haigéad oiléach agus le haigéad pailmeach in olaí olóige agus in olaí prabhaite olóige a shocrú agus an teorainn le heiritridhé-ól in olaí scagtha a shocrú. Tagraíonn an modh anailíse do chion de stiogmastaidhé-éin in olaí plandúla a chinneadh. Saineolaithe eolaíocha agus teicniúla maidir le hola olóige, ar saineolaithe iad de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát, phléigh siad na cinntí leasaitheacha go mion. Leis na cinntí leasaitheacha rannchuideofar le comhchuibhiú idirnáisiúnta caighdeán ola olóige agus bunófar creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir maidir le táirgí a thrádáil in earnáil na hola olóige. Dá bhrí sin, ba cheart tacú leis na cinntí leasaitheacha.

([1]) Cinneadh (AE) 2016/1892 ón Comhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Comhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.16, lch. 2).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt chun críche, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Comhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

(7) I gcás ina gcuirfear glacadh na gcinntí leasitheacha ar atráth le linn an 113ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí ós rud é nach féidir le cuid de na comhaltaí na cinntí a fhormheas, ba cheart an seasamh maidir le tacú le cur i bhfeidhm na gcinntí leasaitheacha a ghlacadh thar ceann an Aontais faoi chuimsiú nós imeachta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le glacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, de bhun Airteagal 10(6) den Chomhaontú. Ba cheart an nós imeachta maidir le glacadh cinntí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú a thionscnamh roimh an gcéad seisiún rialta eile ag Comhairle na gComhaltaí i mí na Samhna 2021.

(8) D'fhonn leas an Aontais a chaomhnú, más rud é gur dócha go ndéanfar difear, le faisnéis eolaíoch nó theicniúil arna cur i láthair roimh an 113ú seisiún, nó lena linn, don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ba cheart cead a bheith ag ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a iarraidh go gcuirfí ar atráth glacadh na gcinntí leasaitheacha go dtí seisiún níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí le linn an 113ú seisiún a bheidh aici ón 28 go dtí an 30 Meitheamh 2021 nó faoi chuimsiú nós imeachta maidir le glacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú a bheidh le tionscnamh roimh an gcéad seisiún rialta eile dá cuid i mí na Samhna 2021, a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige, tacú le Comhairle na gComhaltaí do ghlacadh na gcinntí lena leasaítear na caighdeáin trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige agus an mhodha anailíse chun an cion de stiogmastaidhé-éin in olaí plandúla a chinneadh ([4]).

Airteagal 2

Más rud é gur dócha go ndéanfar difear don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 mar gheall ar fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil arna cur i láthair roimh an 113ú seisiún de chuid Chomhairle na gComhaltaí, nó lena linn, iarrfaidh an tAontas glacadh na gcinntí leasaitheacha ag Comhairle na gComhaltaí a chur ar atráth, cinntí lena ndéanfar caighdeáin trádála nó modhanna is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige a leasú, go dtí go leagfar síos seasamh an Aontais ar bhonn na faisnéise nua sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([4]) Féach doiciméad ST 8638/21 ar http://register.consilium.europa.eu